Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €716,000 le géilleadh don Státchiste.

Tá Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe in imlitir 22 de 2023, I bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

Rinneadh na saolréanna úsáide agus na rátaí amúchta gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

| *Aicme Sócmhainne* | *Saolré úsáide* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí a fuarthas/a forbraíodh | 2 - 10 bliana | 50% – 10% |

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní ar chostas €7.864 milliún agus ar baineadh feidhm astu le linn Dhaonáireamh 2022 thar thréimhse dhá bhliain ag tosú i mí an Mheithimh 2022.

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a áirithiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Stiúrthóir. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear earraí nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil arb run agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach,
- go ndéanann an lucht ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmiúla i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige, a fheidhmíonn de réir cairt i scríbhinn arna faomhadh agamsa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais agus eile sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse trí bliana. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Áirithíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a dhámhtar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontadh gach treoirlíne iomchuí a áirithiú.

Tá sonraí tugtha ag an bPríomh-Oifig Staidrimh ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitir 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Chomhlíon an Phríomh-Oifig Staidrimh gach treoirlíne ábhartha le linn 2023, ach amháin i gcás dhá chonradh neamhchomhlíontacha arbh ionann an t-iomlán agus €208,900, mar a leagtar amach thíos.

- Katalyse – Conradh Céimithe Eolaí Sonraí, dar luach €177,000, roimh athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí.
- Sureskills Ltd – Breiseán ar líne Commvault, dar luach €31,900, roimh athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí.

Tá sé beartaithe ag an Oifig an cás sin a réiteach trí fhreagrachtaí faireacháin na Rannóige Tacaíochta Soláthair a neartú chun maoirseacht níos éifeachtaí agus comhlíonadh feabhsaithe a áirithiú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig, agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Riosca an clár rioscaí a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déanann an bord bainistíochta é a fhaomhadh gach bliain.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord rioscaí, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá

monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as creat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Ró-íocaíocht an liúntais oifige baile***

Déanann an Oifig suirbhéanna an t-am ar fad chun sonraí a bhailiú ó theaghlaigh in Éirinn. Tá luach saothair buan allamuigh maidir le suirbhé ar theaghlaigh de thart ar 130 comhordaitheoir agus agallóir ag an Oifig agus earcaíodh foireann allamuigh shealadach bhreise chun suirbhéanna timthriallacha a dhéanamh. Thuairiscigh an oifig i gcuntas leithreasa na bliana 2022 ró-íocaíocht liúntais oifige baile stórála le foireann allamuigh mar gheall gur úsáideach ráta íocaíochta mícheart. B'ionann an ró-íocaíocht agus €3.24 in aghaidh na seachtaine in aghaidh an bhaill foirne allamuigh do thréimhsí athraitheacha idir 2018 agus 2023. B'ionann an ró-íocaíocht iomlán agus €92,778.

Tá próisis athbhreithnithe curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun an liúntas a íoc. Déanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) é sin a phróiseáil anois mar chuid den ghnáthriarachán párolla seachas éilimh aonair ar chostais taistil agus chothaithe. Tá an Oifig ag iarraidh na méideanna a ró-íocadh leis na baill foirne/iarbhaill foirne/pinsinéirí ábhartha a fháil ar ais de réir imlitir 7/2018 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. Tá an próiseas sin ar bun agus tá fostaithe reatha curtha ar an eolas faoi na haisíocaíochtaí atá dlite, agus tá tús curtha againn le roinnt pleananna aisíocaíochta.

***Nochtadh saorálach do na Coimisinéirí Ioncaim***

D'aithin an Oifig gearríocaíocht chánacaish i ndáil leis an liúntas oifige baile. Leagadh béim in athbhreithniú inmheánach freisin ar ghearríocaíocht cánach maidir le liúntais áirithe eile d'fhoireann allamuigh. Ina theannta sin, sainaithníodh san athbhreithniú gearríocaíochtaí beaga cánach a bhaineann le híocaíochtaí síntiúis comhlachta ghairmiúil.

Mar thoradh air sin, rinne an Oifig nochtadh saorálach gan iarraidh do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le híocaíocht faoi bhun €366,129 a chuimsíonn dliteanas cánach €295,927 móide ús iomlán €70,202 a bhaineann leis an tréimhse ó Eanáir 2019 go Feabhra 2024. Tá an nochtadh seo á athbhreithniú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair.

Mar chuid dár gclár oibre iniúchóireachta leanúnach, cheap an Oifig iniúchóirí seachtracha chun athbhreithniú a dhéanamh ar a córais, a nósanna imeachta agus a rialuithe i ndáil le héilimh taistil agus chothaithe agus liúntais áirithe atá iníoctha le hAgallóirí Suirbhé Sóisialta. Tá an tuarascáil seo á tabhairt chun críche agus cuirfear na torthaí chun feidhme ina n-iomláine. Seachas ceithre thoradh a fuarthas a bhfuil rátáil mheánach/íseal tosaíochta ag baint leo, chinn na hiniúchóirí gur oibrigh na rialuithe a ndearnadh tástáil orthu go sásúil le linn na tréimhse Eanáir 2022 go Meitheamh 2023.

**Jennifer Banim**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

28 Lúnasa 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 4 – An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 – An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 4 – An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

#### *An bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an bPríomh-Oifig Staidrimh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

#### *Nochtadh saorálach do na Coimisinéirí Ioncaim*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur íocadh suim €366,129 leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le gearríocaíocht chánach ar liúntais áirithe a íocadh le baill foirne. Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta na bearta atáthar a dhéanamh chun feabhas a chur ar rialuithe sa réimse seo.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an áirithiú leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, agus
- pé rialú inmheánach a chur chun feidhme a cheapann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní cinnteacht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu an bhfuil said de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt le mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí lena mbaineann, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaítear mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de ar neamhréir go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó ar cosúil, seachas sin, go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha I mo *Thuarascáil bhliaintúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 4 - An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Clár staidrimh bliantúil a sholáthar | 74,092 | 73,765 | 102,071 |
| **Ollchaiteachas** | | **74,092** | **73,765** | **102,071** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **1,640** | **2,029** | **2,531** |
| **Glanchaiteachas** | | **72,452** | **71,736** | **99,540** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **716,212** | **3,944,786** |

**Pádraig Dalton**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

15 Márta 2024

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 56,777 | 77,814 |
| Neamhphá | | 16,988 | 24,257 |
| **Ollchaiteachas** | | **73,765** | **102,071** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | 2,029 | 2,531 |
| **Glanchaiteachas** | | **71,736** | **99,540** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (263) | | |
| Dímheas | 269 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (1,446) | | |
| Amúchadh | 5,803 | | |
| | | 4,363 | 933 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| (Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí | (637) | | |
| (Méadú)/laghdú ar ioncam fabhraithe | (104) | | |
| Méadú/(laghdú) ar speansais fhabhraithe | 279 | | |
| | | (462) | (101) |
| **Caiteachas díreach** | | **75,637** | **100,372** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 11,964 | 11,556 |
| Measchíosanna | | 1,706 | 1,706 |
| **Glanchostas an chláir** | | **89,307** | **113,634** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 4 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,077 | 1,216 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 9,151 | 8,337 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,572 | 1,389 |
| Vóta 18 | Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 164 | 614 |
| | | **11,964** | **11,556** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 699 | 705 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 9,569 | 14,125 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | 10,268 | 14,830 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,428 | 1,687 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 2,989 | 2,352 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 256 | 152 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 146 | 204 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 729 | 500 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **5,548** | **4,895** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 819 | 540 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 2,303 | 2,391 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **3,122** | **2,931** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,426 | 1,964 |
| **Glansócmhainní** | | **12,694** | **16,794** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.10 | **12,694** | **16,794** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 4,553 | 903 | 5,456 |
| Suimeanna Breise | 263 | — | 263 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 4,816 | 903 | 5,719 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 3,886 | 865 | 4,751 |
| Dímheas don bhliain | 256 | 13 | 269 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 4,142 | 878 | 5,020 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **674** | **25** | **699** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 667 | 38 | 705 |

Nóta [a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh éadáil bogearraí agus sócmhainní forbartha a athaicmiú ó mhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 44,846 | 1,123 | 45,969 |
| Coigeartuithe [b] | — | (199) | (199) |
| Suimeanna Breise | — | 1,446 | 1,446 |
| Aistrithe | 1,366 | (1,366) | — |
| Diúscairtí[c] | (7,647) | — | (7,647) |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **38,565** | **1,004** | **39,569** |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 31,844 | — | 31,844 |
| Amúchadh don bhliain[d] | 5,803 | — | 5,803 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (7,647) | — | (7,647) |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **30,000** | — | **30,000** |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **8,565** | **1,004** | **9,569** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 13,002 | 1,123 | 14,125 |

Nóta

[a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh éadáil bogearraí agus sócmhainní forbartha a athaicmiú ó mhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1).

[b] Baineann an coigeartú le luach tosaigh sócmhainní atá á bhforbairt chun bogearraí a bhfuil saolré úsáide ionchais níos lú ná bliain amháin acu a bhaint.

[c] Rinneadh athbhreithniú ar gach sócmhainn bogearraí mar chuid den tionscadal chun sócmhainní doláimhsithe a thaifeadadh mar nóta ar leithligh. Sainaithníodh leis sin luach iomlán €7.647 milliún le haghaidh sócmhainní atá imithe i léig agus dímheasta go hiomlán.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 1,427 | 1,686 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | **1,428** | **1,687** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 2,662 | 1,911 |
| Poiblíocht an Daonáirimh | — | 3 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 327 | 438 |
| | **2,989** | **2,352** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Maoiniú deontais dlite ón AE | 256 | 152 |
| | **256** | **152** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail infhorchúitithe | 25 | 32 |
| Caiteachais maidir le taisteal infhorchúitithe | 14 | 9 |
| Caiteachas maidir le pas infhorchúitithe taistil | 5 | 4 |
| Iarmhéideanna chuntais Oifig na nOibreacha Poiblí ar fionraí | 32 | 95 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 70 | 64 |
| | **146** | **204** |

## 2.7 Fabhruithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas riaracháin | 436 | 264 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 316 | 195 |
| Caiteachas taistil agus cothabhála | 67 | 81 |
| | **819** | **540** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 713 | 768 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 542 | 514 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 152 | 53 |
| Cáin bhreisluacha | 148 | 45 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 186 | 175 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 5 | 5 |
| An muirear sóisialta uilíoch | 149 | 148 |
| | 1,895 | 1,708 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 209 | 197 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile - míreanna fionraí | 199 | 486 |
| | **2,303** | **2,391** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 716 | 3,945 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,445) | (4,445) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(729)** | **(500)** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,428 | 1,687 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 146 | 204 |
| | 1,574 | 1,891 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,895) | (1,708) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (408) | (683) |
| | (2,303) | (2,391) |
| | **(729)** | **(500)** |

## 2.10 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 16,794 | 21,156 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 72,452 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (716) | | |
| Glanvóta | | | 71,736 | 99,540 |
| Míreanna neamh-airgid - Coigeartú ar Mhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | | — | (3,530) |
| Míreanna neamh-airgid - coigeartú i ndáil le sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | | (199) | — |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 11,964 | 11,556 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,706 | 1,706 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (89,307) | (113,634) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **12,694** | **16,794** |

## 2.11 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 18,497 | 12,582 |

## 2.12 Dliteanais aibí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | 5 | 10 |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

## Nóta 3 - Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 4 - an Phríomh-Oifig Staidrimh mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: clár staidrimh bliantúil a sholáthar.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 58,428 | 56,179 | 77,057 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,271 | 1,193 | 743 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,270 | 1,552 | 2,583 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 975 | 1,384 | 1,436 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 8,385 | 9,839 | 11,348 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,147 | 1,410 | 1,745 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 170 | 50 | 12 |
| viii | Bailiúchán staitisticí | 1,446 | 1,192 | 6,045 |
| | | **73,092** | **72,799** | **100,969** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha sa chaiteachas ón méid a cuireadh ar fáil (+/- 25% agus €100,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €975,000; toradh €1.384 milliún*

Tharla an méadú €409,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar chostais phoist níos airde a bhí ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar rátaí freagartha suirbhé a bhí ag titim.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €170,000; toradh €50,000*

Tharla an laghdú €120,000 sin ar chaiteachas ar sheirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar polasaithe mar gheall ar an laghdú a tháinig ar úsáid na seirbhísí comhairliúcháin le linn 2023 i gcomparáid leis an mbuiséad bunaidh.

### Clár A Clár staidrimh bliantúil a sholáthar

| | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| A.1 Riarachán – pá | 58,428 | 56,179 | 77,056 |
| A.2 Riarachán – neamhphá | 14,664 | 16,620 | 23,913 |
| A.3 NRRP – An tSuirbhé Daonáirimh ar bhonn Píolótach | 1,000 | 966 | 1,102 |
| | **74,092** | **73,765** | **102,071** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ón Aontas Eorpach | 140 | 247 | 906 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,430 | 1,696 | 1,542 |
| 3 | Earraí Ilghnéitheacha | 70 | 86 | 83 |
| | **Iomlán** | **1,640** | **2,029** | **2,531** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist le míreanna aonair i leithreasaí i gcabhair (+/-5% agus €100,000).

**1 Fáltais ón Aontas Eorpach**

*Meastachán €140,000; réadaithe €247,000*

Measadh gurbh é €140,000 meastachán 2023 ar fháltais ón Aontas a bhain le dhá dheontas Paireachta Cumhachta Ceannaigh ach b'ionann na fáltais deontais iarbhír agus €207,167. Fuarthas deontas breise freisin le haghaidh deontas do ghníomhaíochtaí aonad na gcásanna móra arbh fhiú €40,112 san iomlán é.

3 **Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €1.430 milliún; Réadaithe €1.696 milliún*

Tharla an méadú €266,000 ar ranníocaíochtaí aoisliúntais breise mar gheall ar athruithe ar líon na foirne agus ar ghluaiseacht i ndáileadh banda pá.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **946** | **1,001** |

### 5.2 Pá

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 51,786 | 69,898 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 376 | 1,589 |
| Cúlchiste | 3 | — |
| Ragobair | 156 | 266 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,456 | 6,061 |
| **Pá iomlán** [a] | **56,777** | **77,814** |

Nóta [a] Is ionann figiúr an phá iomláin agus fotheideal A(i).

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** [a] | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2023** | **2022** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 137 | 5 | 22,918 | 15,523 |
| Ragobair nó freastal breise | 102 | 1 | 22,131 | 20,632 |
| Liúntais eile | 23 | — | 191 | 65 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 21 | 8 | 29,793 | 27,920 |

Nóta [a] Tabhaíodh ragobair bhreise le linn 2023 lena chinntiú go mbainfí spriocdhátaí próiseála daonáirimh amach.

## 5.4 Foireann na Príomh-Oifige Staidrimh de réir banda pá

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na hOifige a raibh a gcuid sochar iomlán fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 687 | 727 |
| 60,000 | 69,999 | 89 | 70 |
| 70,000 | 79,999 | 38 | 34 |
| 80,000 | 89,999 | 54 | 59 |
| 90,000 | 99,999 | 42 | 29 |
| 100,000 | 109,999 | 14 | 17 |
| 110,000 | 119,999 | 19 | 14 |
| 120,000 | 129,999 | 7 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | 1 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 2 |
| 160,000 | 169,999 | 4 | 3 |
| 170,000 | 179,999 | — | 1 |
| 180,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh naonúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €21,730 i rith 2023. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Ní raibh aon oifigigh ag fónamh taobh amuigh den Oifig don bhliain 2023 ar fad nó do chuid di agus arbh í an Oifig a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 47 oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Oifig ar feadh 2023 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile rialtais a d’íoc na hoifigigh sin a dtuarastail.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 94 | 124,406 | 100,656 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 29 | 51,177 | 53,386 |

Bhí sé phlean aisghabhála ró-íocaíochta i bhfeidhm i leith cúigear arbh ionann a luach agus €2,298 a aistriú chuig ranna rialtas eile le linn 2023.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 215 | 202 |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a chuid teidlíochtaí i dtaobh sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Faigheann an Oifig maoiniú i dtaca le tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. I rith 2023, fuair an Oifig ioncam €247,279 san iomlán ón AE de bharr trí chonradh. Bhain dhá chonradh le bailiúchán sonraí chun comparáidí paireachta cumhachta ceannaigh a éascú idir praghsanna príomhchathrach de luach €207,167 san iomlán. Bhain an tríú conradh le gníomhaíochtaí aonad na gcásanna móra arbh fhiú €40,112 san iomlán iad. Aithníodh an maoiniú sin mar leithreasaí i gcabhair in 2023.

Bronnadh maoiniú AE maidir leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh Athléimneachta ar an Oifig freisin ar fiú €1 milliún é san iomlán (caiteachas iarbhír €0.966 milliún) in 2023 i dtreo ardán daonáirimh ar líne a sholáthar. Cuireadh an deontas sin le leithdháileadh na hOifige trí mheicníocht vótála na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

### 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn i rith na bliana**

| | Éilimh a rinne fostaithe | | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | Éilimh díobhála pearsanta [a] | Sárú ar pholasaithe acmhainní daonna/fostaíochta [b] | | |
| Líon na gcásanna | 5 | 2 | 7 | 4 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí féin na hOifige | — | — | — | — |
| Dámhachtainí | | | | |
| Cúiteamh | 3 | 4 | 7 | — |
| Costais dlí | 20 | — | 20 | 40 |
| Costais eile | 3 | — | 3 | 14 |
| **Iomlán 2023** | **26** | **4** | **30** | **54** |
| Iomlán 2022 | 54 | — | — | |

Nóta [a] An méid a íocadh le duine aonair amháin €3,000

[b] Na méideanna a íocadh le beirt daoine aonair €450 agus €3,200

Níor tugadh aon chás chun críche in 2023 ina raibh an caiteachas os cionn €50,000. Socraíodh cás amháin, ach níor tugadh chun críche é, agus tugadh le fios gurb ionann cúiteamh agus €187,671 agus níl na costais cinntithe fós.

Bhí na héilimh seo a leanas fós le híoc amhail an 31 Nollaig 2023:

Éilimh díobhála pearsanta: fostaithe — ceithre cinn (2022: sé cinn); sárú ar pholasaithe acmhainní daonna/fostaíochta — ceann amháin (2022: nialas).